

# PLEAN STRAITÉISE 2013 - 2016

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

## “Ag Soláthar Seirbhís Úrscothach Náisiúnta Fola & Fíocháin”

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Struchtúr Rialachais | 7 |
| Cé Go Bhfuil Muid | 8 |
| Comhthéacs Don Phlean Straitéiseach 2013 – 2016 | 11 |
| Treo Straitéiseach | 13 |
| Léarscáil Straitéise SFAÉ: 2013-16 | 16 |

# Réamhrá

Is eagraíocht náisiúnta é SFAÉ atá freagrach as bailiú, próiseáil, tástáil agus dáileadh fola agus táirgí fola in Éirinn. Bíonn sí ag brath ar fad ar fhlaithiúlacht deontóirí saorálacha neamh-íoctha chun go leor deonachán a sholáthar a chinnteoidh soláthar comhsheasmhach fola, comhpháirteanna fola agus táirgí fola d'othair. Maoinítear í trí ospidéil a mhuirearú i leith a táirgí agus seirbhísí ar chostas a aontaíodh leis an Roinn Sláinte.

Mar Ghníomhaireacht Neamh-Thráchtúil Stáit, tá a socruithe rialachais leagtha amach sa Chód Cleachtais leasaithe do Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit. Is ar an Bhord a cheapann an tAire Sláinte, ar a bhfuil dhá chomhalta déag, a thiteann an fhreagracht maidir le rialachas SFA E. Chun cuidiú leis an Bhord a fheidhmeanna a chur i ngníomh, tá roinnt fochoistí ann a phléann le sainghnéithe de ghnó na heagraíochta, mar atá, an Coiste Comhairleach Míochaine, an Coiste Airgeadais, an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill, an Coiste Luach Shaothair agus an Coiste Forbartha Taighde. Tá líne soiléir tarraingthe idir rólanna agus dualgais an Bhoird agus an Fheidhmeannas.

**Leagann Ionstraim Reachtúil 78 de 1965 síos feidhmeanna SFAÉ mar a leanas:**

(a) maoin (lena n-áirítear ábhair i gcaingean), sócmhainní, cearta agus dliteanais na Cuideachta;

(b) seirbhís fuilaistriúcháin (a dtagraítear di feasta mar "an tSeirbhís") a eagrú agus a riar, lena n-áirítear próiseáil soláthar díorthaigh fola nó táirgí fola eile agus lena n-áirítear, freisin, tástálacha fuilghrúpa agus eile i dtaca le eiseamail fola atá faighte ag an Bhord;


(c) fuil agus táirgí fola a chur ar fáil;

(d) trealamh nó inoibreáin atá inúsáidte i leith na seirbhíse;

(e) aon athruithe is gá (más ann dóibh) dar leis an Bhord, a dhéanamh i leith na seirbhísí a luaitear ag (b), (c) agus (d) thuas, agus, má thugann an tAire aon treoir i leith na n-athruithe sin, an treoir sin a chomhlíonadh;

(f) comhairle, faisnéis agus cúnamh a thabhairt

*"Tá SFAÉ ag brath ar fad ar fhlaithiúlacht deontóirí saorálacha neamh-íoctha chun go leor deonachán a sholáthar a chinnteoidh soláthar comhsheasmhach fola agus comhpháirteanna fola d'othair."*



i dtaca le aon ghné seirbhíse don Aire, d'aon údarás sláinte nó d'aon údarás ospidéil;

(g) aon soláthar poiblíochta is gá a dhéanamh i leith na seirbhíse;

(h) taighde agus oiliúint agus teagasc daoine i gcúrsaí a bhaineann le fuilaistriúchán agus ullmhú táirgí fola, a eagrú a sholáthar, a spreagadh nó cuidiú leis; agus

(i) comhoibriú le comhlachtaí eile a bhfuil feidhmeanna eolaíochta den chineál céanna acu.

**Leasaíodh na feidhmeanna seo i 1988, 2000 agus 2003, leis na feidhmeanna breise seo a leanas:**

- Seirbhís baincéireacht súile a eagrú agus a riar.

- Seirbhís a eagrú agus a riar chun tuairiscí maidir le torthaí neamh-ionchais nó neamh-inmhianaithe faoi fhuilaistriúchán nó chomhpáirteanna fola a cuireadh ar fáil don Bhord, a fháil agus a mheas, lena n-áirítear tuairiscí maidir le torthaí neamh-ionchais nó neamh-inmhianaithe ar aon fhuilaistriúchán nó chomhpháirteanna fola dá shórt a sholáthar do Bhord Leigheasraí na hÉireann.

- Leasaíodh an Ionstraim Reachtúil i 2012 chun an fhreagracht as soláthar comhdhlúthúcháin fachtóir téachta nach gcuimsíonn fuil nó táirgí fola, agus gníomhairí bitheolaíochta míochaine eile, lena n-áirítear ullmhúcháin próitéine athchuigearaí a úsáidtear i leith mí-oird téachta agus mí-oird eile ó bhroinn nó gnóthaithe a shonraítear trí leibhéil laghdaithe nó foirmeacha mífheidhmiúla de phróitéiní plasma, a aistriú chuig Ospidéal San Séamas.


Bord
Príomh-Fheidhmeannach
Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
Príomh-Fheidhmeannach
Oibríochtaí –
slabhra soláthair
Cáilíocht & Comhall
Míochaine & Eolaíochta
Acmhainní Daonna
Airgeadas
Coiste Comhairleach Míochaine (MAC)
Coiste Airgeadais
Coiste Iniúchóireachta & Comhaill
Coiste Luach Saothair
Coiste Forbartha Taighde

# Struchtúr Rialachais

## Bainistiú Oibríochta

Déantar an obair a eagrú trí roinnt feidhmeanna a eagraítear ar bhonn náisiúnta, i.e. Oibríochtaí, Míochaine, Cáilíocht agus Comhall, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Is í an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an príomhchomhlacht cinnteoireachta, agus tá córas buiséad dhéabhlóidithe ann. Tá an chairt den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin reatha ceangailte leis seo. Tá an ceannáras i mBaile Átha Cliath maille leis an phríomhionad tástála agus próiseála. Tá ionad próiseála i gCorcaigh, freisin, agus foirne bailiúcháin i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Ceatharlach, Luimneach, Áth Fhirdhia agus Tuaim, agus clinicí deonacháin seasta i mBaile Átha Cliath (2) agus Corcaigh.

## Imshaol Gnó

Feidhmíonn SFAÉ laistigh de imshaol ardrialaithe. Tá na coinníollacha i gceist an-chosúil leosan a fheidhmíonn i dtionscal na cógaisíochta. Cinntítear seirbhís fuilaistriúcháin shábháilte trí chomhoibriú idir SFAE agus cliniceoirí i riar na ngnéithe den phróiseas fuilaistrithe a bhfuil siad freagrach astu. Ní féidir ach fuil a thug deontóirí cuíroghnaithe agus a tástáladh le haghaidh gníomhairí ionfhabhtaíocha aistriúcháin in-tarchurtha a eisiúint le haghaidh aistriúcháin.

Is í an fhadhb fhréimithe dhosheachanta, go bhfuil fuilaistriúchán i mbaol mór ionsaithe ó víris agus foirmeacha ionfhabhtaíochta eile, ó dhúchas. Is í an bhagairt is mó, b'fhéidir, ar sholáthar sábháilte fola, teacht chun cinn víris nua nó galair ionfhabhtaígh nach bhfuil a fhoinse eolaíochta / eipidéimeolaíochta ró-shoiléir agus nár forbraíodh aon tástáil lena aghaidh. Ó shainmhíniú, a luaithe is eol go bhfuil víreas/galar ionfhabhtaíoch in-tarchurtha, tá dochar nó bás, fiú, curtha i gcrích aige. Ní dhítheofar an bhagairt seo riamh agus is gá cur chuige foirmeálta eolaíochta chun plé leis an fhíric sin, seachas frithghníomhú in aghaidh gach bagartha de réir mar a aithnítear í. Tá bearta áirithe is féidir a fheidhmiú chun nochtadh a theoranú má chruthaítear go bhfuil sé in-tarchurtha. Ghlac SFAÉ an polasaí seo go háirithe sa dóigh inar phléigh sí le bagairt ó vCJD agus le éilliú baictéarach i bpláitíní. Leanfaimid den chur chuige seo ainneoin an imshaoil dhúshlánaigh eacnamaíochta.

# Cé go bhfuil muid

## Ár gCuspóir

Is é croíchuspóír SFAÉ, riachtanais fuilaistrithe na n-othar in Éirinn a shásamh.

## Ár Misean

Tá SFAÉ tiomanta don fheabhas i sásamh riachtanais na n-othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus fhlaithiúlacht na ndeontóirí.

## Ár bhFís

Is í fís SFAÉ, go mbeadh seirbhís fuilaistriúcháin againn a sheachadann ardchúram sláinte fuilaistrithe do phobal na hÉireann.

## Teastaíonn Uainn

**Othair**


a mbeidh a fhios acu go bhfuil an fhuil a gheobhaidh siad chomh sábháilte is féidir

**Deontóirí**

a thuigfidh go bhfuil meas agus urraim orthu agus iad sásta lenar tharla dóibh

**An pobal cúram sláinte**

a aithint go sásaíonn na táirgí agus seirbhísí a sholáthraímid na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr, iad an-riachtanach chun a spriocanna a aimsiú agus gur luach maith iad ar na hacmhainní a úsáidtear.



## Ciallaíonn aimsiú ár bhfíse...

**Torthaí níos fearr d'othair**

Beidh a fhios ag othair go dtugann SFAÉ ardtosaíocht don tsábháilteacht agus d'éifeachtúlacht na dtáirgí a sholáthraítear d'fhuilaistriú.

**Earcú agus coinneáil deontóirí**

Beidh teagmhas sásúil spreagúil ag deontóirí agus iad ag deonadh, rud a fheabhsóidh dílse deontóirí

**Seirbhísí cliniciúla don fhoireann cúram sláinte feabhsaithe**

Brathfaidh an fhoireann cúram sláinte go gcumasóidh na seirbhísí cliniciúla iad le seirbhís fuilaistrithe den scoth a sholáthar dá n-othair.

## Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Ionracas
- Meas
- Léann
- Cuntasacht
- Comhoibriú



"Caithfimid tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh ó fhorfheidhmíodh Phlean Straitéiseach 2010 – 2012 agus freagairt d'éilimh athraitheacha ó ospidéil, rialálaithe, deontóirí agus bhaill an phobail atá ag súil le ardchaighdeán seachadta táirgí agus seirbhísí."

# Comhthéacs Don Phlean Straitéiseach 2013 - 2016

Tá athrú suntasach tagtha ar SFAÉ i ngach gné dá gnó le deich mbliana anuas. Tháinig méadú ar shoifistiúlacht na dteicneolaíochtaí a úsáidtear, athruithe ar shonraíocht na dtáirgí trí fhreagairt d'ionfhabhtaíochtaí éiritheacha agus athrú ar ár modh oibre gnó.

Tá an imshaol ina bhfeidhmíonn SFAÉ ag síorathrú agus má tá SFAÉ le bheith úrscothach i gcónaí ainneoin acmhainní srianta, caithfear teacht ar mhodh nua oibre agus ar eagraíocht atá níos cumasaí agus níos éifeachtúla, atá solúbtha, aclaí agus an cumas inti freagairt don iliomad dúshlán a bheidh romhainn sa tréimhse 2013 – 2016. Caithfear seo a bhaint amach laistigh de chreat seachadta a thugann luach níos fearr ar airgead in imshaol atá ag síorathrú.

Caithfimid tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh ó fhorfheidhmíodh Phlean Straitéiseach 2010 – 2012 agus freagairt d'éilimh athraitheacha ó ospidéil, rialálaithe, deontóirí agus bhaill an phobail atá ag súil le ardchaighdeán seachadta táirgí agus seirbhísí.

Tá SFAÉ tagtha chuig deireadh thréimhse a plean straitéisigh reatha agus, le Plean Straitéiseach nua a fhorbairt, tá sé an-riachtanach an Imshaol ina bhfheidhmíonn SFAÉ a anailísiú d'fhonn tacú le Plean Straitéiseach nua. Rinneadh amhlaidh, ag úsáid an mhúnla PESTEL agus rianaítear na pointí suntasacha anseo thíos.

## Anailís PESTEL

### Fachtóirí Polaitiúla

Tá SFAÉ freagrach don Roinn Sláinte i gcónaí, agus is é HSE ár bpríomhchustaiméir. Ta sé mar thosaíocht ag SFAÉ ár gcaidreamh leis an Roinn agus leis an HSE a riar agus a fhorbairt. Beidh tionchar suntasach ag an athrú a tharlóidh ar eagrú sheachadadh cúram sláinte le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh seo, ar an dóigh ina seachadfaidh SFAÉ a seirbhísí. Mar sin de, beidh sé riachtanach lánphlé a dhéanamh leis an fhoireann ceannais nua lena chinntiú go leanfaidh SFAÉ ag comhlíonadh a cuspóra agus a misin. Aimseofar éifeachtúlachtaí oibríochta agus seirbhíse breise thar thréimhse an phlean straitéisigh seo i bhfianaise cúlra d'imshaol caidreamh tionscail náisiúnta atá ag athrú agus de shrianta earcaíochta.

### Fachtóirí eacnamaíochta

Tá gearradh siar suntasach ag tarlú go leanúnach ar chaiteachas cúram sláinte sa tír seo. Le linn don phlean seo, tá sé beartaithe córas Árachas Uilíoch Sláinte in Éirinn a thionscnamh agus tá an múnla d'airgead a- leanann an othair, freisin, mar chuid lárnach de bheartas an Rialtais chun an tseirbhís sláinte a athchóiriú. Beidh tionchar ag na tionscnaimh seo uile ar SFAÉ.

I 2012 chonacthas laghdú suntasach ar úsáid pláitíní, agus tá an leibhéal gníomhaíochta sna hospidéil ag laghdú de bharr srianta buiséid. Is cosúil go leanfaidh an laghdú seo agus an múnla seachadta seirbhíse mar aon leis. Tá an acmhainn ag na hathruithe uile seo le chéile ioncam an SFAÉ a laghdú thart ar €3.2m sa 2/3 bhliana atá romhainn. Ina theanntasan, tá sruthanna eile ioncaim a chaillfear nó a laghdófar do SFAÉ sa

# Comhthéacs Don Phlean Straitéiseach 2013 – 2016

dóigh go bhféadfadh an caillteanas ioncaim a bheith thart ar €6.7m in iomlán. Cruthaíonn seo dúshlán agus ní mór do SFAÉ a bhonn costais a laghdú chun buiséad comhardaithe a chuimsiú sa tréimhse seo.

Leanfaidh tréan iarrachtaí chun éifeachtúlacht agus coigilt a aimsiú i rith na mblianta beaga romhainn, de réir mar a thagann úsáid na ngannacmhainní atá ann chun cúram sláinte a sheachadadh faoi dhianscrúdú. Ní cheart ligean dó seo, áfach, caighdeán na dtáirgí agus na seirbhísí a thugaimid d'othair agus do dheontóirí a lagú.

## Fachtóirí Socha-eolaíochta

Léiríonn daonáireamh 2011 gur mhéadaigh daonra na hÉireann de 122,028, nó 2.6%, thar thréimhse 5 bliana. In Iúil 2011, measadh an daonra a bheith ag 4.72 milliún duine. Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí 65 nó níos mó ag gach daonáireamh ó 1961, i leith, ó 315,000 sa bhliain sin go 541,404 i 2011. Seasann an catagóir seo anois do 11.6% den daonra. Níltear ag súil go méadóidh an t-athrú san aoischóhort seo an t-éileamh ar fhuil le linn saolré an Phlean.

I 2011, bhí 766,770 neamh-náisiúnach Éireannacha as 188 tír éagsúla ina gcónaí in Éirinn. Cé gur laghdaigh an líon seo leis an chúlú eacnamaíochta, is cúram tábhachtach fós é i dtaca le seachadadh seirbhísí sa todhchaí. Sampla dó sin is ea an líon méadaitheach othar atá ann leis an ghalar corráncheallach.

## Fachtóirí teicneolaíochta

Chuidigh an dul chun cinn teicneolaíochta i mbaincéireacht fola sa deich mbliana atá thart le sábháilteacht níos fearr a chur ar fáil d'othair. Ghlac SFAÉ go luath leis na teicneolaíochtaí nua agus bhí sí chun tosaigh i gcuid mhaith de na forbairtí seo. Tá sé mar riachtanas againn leanúint ag seachadadh fola chomh sábháilte agus is féidir, agus cuideoidh sí linn é seo a bhaint amach má bhainimid thairbhe as bealaí nua nuálacha i bhforbairt na teicneolaíochta nach n-ídíonn acmhainní suntasacha, trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuallaíochtaí le forais baincéireacht fola eile. Beidh deis againn athbhreithniú a dhéanamh ar chuid mhaith dár bpróisis nuair a fhorfheidhmeofar Córas Rialála nua don Fhoras Fola. An dúshlán is mó a bheidh ann do SFAÉ, a bheith chun cinn i gcónaí leis an teicneolaíocht reatha, fad atáthar ag plé le srianta airgeadais.

## Imshaol

Tá béim bhreise anois ar an Chlár Glas, agus bhí agus beidh tionchar aige seo ar SFAÉ. Tiocfaidh forás leanúnach ar an mhodh ina gcaithimid le dramhaíl chliniciúil. Ina theanntasan, is gá do SFAÉ a lorg carbóin a athbhreithniú, go sonrach ag an Lárionad Náisiúnta Fola (LNF), agus cuíbhearta a dhéanamh chun é a laghdú.

## Dlí

Tá an imshaol rialála d'fhuil agus d'fhíochán ag éirí níos déine agus na caighdeáin is gá a shásamh ag dul i méid. Beidh tionchar leanúnach ag athruithe i ndlí na fostaíochta ar an dóigh ina riarann SFAÉ a foireann. Tá athruithe ag teacht ón Eoraip i gcónaí a éilíonn athruithe ar ár bpolasaithe agus ár ngnáthaimh. Réiteofar an cheist maidir le rialachas na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO) sa dóigh go mbeidh cuíshocruithe rialachais i bhfeidhm sa réimse seo.

# Treo Straitéiseach

Chun an Plean Straitéiseach 2013 go 2016 a fhorbairt, bhain SFAÉ úsáid as modh an Scorchárta Cothromaithe agus tharla go mba cleachtas an-luachmhar é seo. Mar sin de, tá Léarscáil Straitéise forbartha againn atá bunaithe ar cheithre lárcholún modheolaíochta an Scórchárta Chothramaithe. Is iad na colúin seo, Scarshealbhóir/Rialtas, Custaiméir, Próiseas Inmheánach agus Foghlaim agus Fás.

Uathu seo d'fhorbraíomar an cúig théama seo a leanas:

- Seirbhísí Deontóra den Scoth
- Soláthar Buan Sábháilte
- Seirbhísí Ospidéil d'Ardchaighdeán
- Caidreamh Éifeachtach
- Foghlaim agus Fás.

### 1. Seirbhísí Deontóra den Scoth

Coinneoimid ag athbhreithniú agus ag comhoiriúnú ár slabhra soláthair trí úsáid níos fearr a bhaint as ár mbonn deontóra, agus ag réamhfhaisnéisiú ag leibhéal an fhuilghrúpa; cuirfimid deiseanna deonacháin ar fáil do dheontóirí atá éifeachtúil agus costas-éifeachtach, agus beidh clár cuí againn chun folláine deontóirí a riar.

### 2. Soláthar Buan Sábháilte

Tosaíonn soláthar buan sábháilte le tuiscint ar eipidéimeolaíocht idirnáisiúnta a ligeann do SFAÉ ullmhú do threochtaí éiritheacha i víris reatha agus monatóireacht a dhéanamh ar bhagairtí éiritheacha. Ina theanntasan, ní mór dúinn forbairtí sna teicneolaíochtaí nua tástála agus próiseála a rianadh agus iad a ainilísiú i dtreo gur féidir cinneadh eolasach a dhéanamh cibé an cóir nó nach cóir iad a fheidhmiú. Cinnteoimid i gcónaí go dtáirgfear ár dtáirgí uile ar ardchaighdeáin cáilíochta agus éifeachtúlachta.

### 3. Seirbhísí Ospidéil d'Ardchaighdeán

A chinntiú go bhfuil an t-aonad deargchille agus/nó pláitíní ar fáil d'othar nuair atá siad de dhíth air/uirthi, sin príomhfheidhm na Seirbhísí Ospidéil. Ní mór don soláthar fola atá ar fáil a bheith trédhearcach idir SFAÉ agus na hospidéil d'fhonn bronntanas an deontóra a uasmhéadú. Éileoidh seo slabhra soláthair comhtháite a bhfuil tacaíocht teicneolaíochta aige, rud a chuimseoidh comhoibriú níos mó idir SFAÉ agus an HSE. Titfidh soláthar sainseirbhísí othair agus sainchomhairle faoi shainchúram an téama seo.

### 4. Caidreamh Éifeachtach

Tig SFAÉ a bheith aonaraithe, óir seasann sí lasmuigh de chroístruchtúir na Seirbhíse Sláinte. Mar sin, tá gá níos mó ann go gcothódh SFAÉ caidreamh éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara. Cuimsíonn seo an

# Treo Straitéiseach

Roinn Sláinte, na foirne ceannaireachta reatha éabhlóideacha sa tseirbhís sláinte, cliniceoirí agus forais acadúla. Is gá, freisin, leanúint ag obair lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta agus le Coistí ábhartha, lena chinntiú go bhfaighimid an dearcadh idirnáisiúnta. Caithfimid oibriú go dlúth, freisin, lenár soláthróirí, chun luach ar airgead a uasmhéadú agus rioscaí a laghdú.

**5. Foghlaim agus Fás**

Ta seo mar ghealL ar eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil i dtreo go mbeidh an acmhainn ag SFAÉ a misean a chur i gcrích agus riachtanais fuilaistrithe na n-othar in Éirinn a shásamh. Beidh seo ag brath ar fhoireann a bheith againn ar feadh na heagraíochta leis an saineolas agus na scileanna cuí . Caithfimid leanúint ag tógáil cultúir muiníne, feidhmíochta agus comhoibrithe. Is trí scileanna riartha daoine lenár mbainisteoirí a fheabhsú, amháin, a aimseofar seo agus trí thógáil ar an fhoghlaim a fuarthas ón chlár Quantum Leap. Is gá a chinntiú, freisin, ní hamháin go sruthlíneoidh ár gcórais faisnéise ár bpróisis, ach go soláthraíonn siad faisnéis thráthúil le haghaidh cinnteoireachta. Tá sé tábhachtach go réiteofaí príomh-shaincheisteanna ar nós sholáthar na bpinsean, d'fhonn imshaol a chruthú inar féidir athruithe a fheidhmiú go réidh.

## Scórchárta Cothromaithe

### Straitéis a aistriú ina Gníomh


Na cuspóirí atá leagtha amach faoi Scarshealbhóir/ Rialtas agus Custaiméir, tá bearta agus príomhthorthaí ag baint le gach ceann acu. Forbraítear ansin iad i sraith gníomhartha.

I gcás na gcúig théama, forfheidhmítear iad seo trí mholtaí faoin Phróiseas Inmheánach agus foroinnteariad mar:

- Bearta
- Príomh-Ghníomhartha
- agus Tionscnaimh Straitéise.

Tá úinéir ag gach ceann acu seo atá freagrach as an ghníomh a fheidhmiú a bhainfidh amach na bearta sainaithinte.

Léiríonn an Léarscáil Straitéise na Tosaíochtaí Straitéiseacha do SFAÉ sa tréimhse 2013 – 2016.




**“Tá seo mar gheall ar eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil i dtreo go mbeidh an acmhainn ag SFAÉ a misean a chur i gcrích agus riachtanais fuilaistrithe na n-othar in Éirinn a shásamh.”**

# Léarscáil Straitéise SFAÉ: 2013-16

## Soláthraigh Seirbhísí Úrscothach Náisiúnta Fola & Fíocháin

**Scarshealbhóir / Rialtas**

**S1.** Cuir leorsholáthar cuí & inbhuanaithe fola ar fáil

**S2.** Sásaigh na riachtanais dlithiúla & rialála

**S3.** Soláthraigh cuísheirbhísí fíocháin & cille

## Sásaigh Ár gCustaiméirí

**Custaiméar**

### Deontóirí

**C1.** "Teastaíonn uaim deonadh nuair is féidir liom."

### Ospidéil, doctúirí & othair

**C2.** "Teastaíonn uaim go soláthróidh SFAÉ na saintáirgí, na seirbhísí agus an saineolas atá uaim le haghaidh

**Próiseas Inmheánach**

### Seirbhísí Deontóra den scoth

**IP01.** Coinnigh leorbhonn Deontóra
**IP02.** Cuir deisceanna deonacháin ar fáil go cumasach éifeachtúil
**IP03.** Tuar go cruinn & coinnigh soláthar fola
**IP04.** Bainistigh folláine deontóra

### Soláthar Sábháilte Inbhuanaithe

**IP05.** Tuig an eipidéimeolaíocht áitiúil & idirnáisiúnta
**IP06.** Rianaigh forbairtí & próiseáil comhchodanna
**IP07.** Feidhmigh prótacail faofa tástála & próiseála go héifeachtúil
**IP08.** Coinnigh &/nó feabhsaigh cáilíocht táirge
**IP09.** Cuir seirbhísí othair & sainchomhairle ar fáil


## Tóg Eagraíocht Ardfheidhmíochta

**Foghlaim & Fás**

LG1. Cinntigh go bhfuil na scileanna & inniúlachtaí is gá ar fáil

LG2. Cruthaigh cultúir muiníne, feidhmíochta & comhoibre

LG3. Méadaigh na scileanna um bainistiú daoine



**S4.** Soláthraigh inchur i bhforbairt polasaí fuilaistriúcháin

**S5.** Riar clú & rioscaí bainteacha

**S6.** Tabhair luach ar airgead

sárchúram riachtanais na n-othar i leith fuilaistriúcháin agus réimsí gaolmhara, go pras, sábháilte, iontaofa, agus ar chostas réasúnta."

## HSE

**C3.** "Tá uainn caidreamh níos éifeachtaí a thógáil."

## Seirbhís Ospidéil Ardchaighdeáin

**IP10.** Comhtháthaigh an slabhra soláthair leis na hospidéil

**IP11.** Feabhsaigh na seirbhísí ospidéil

## Caidreamh Éifeachtach

**IP12.** Tóg an caidreamh le struchtúir éiritheach na n-ospidéal

**IP13.** Cruthaigh caidreamh leis an Roinn Sláinte

**IP14.** Laghdaigh na rioscaí soláthróra & costais

**IP15.** Forbair ár gcaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara eile

LG4. Feabhsaigh sruth faisnéise & córais faisnéise na bainistíochta

LG5. Réitigh fadhb na bpinsean

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An Lárionad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamais, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Rphost: info@ibts.ie

www.giveblood.ie
Eolaslíne Deontóra: 1850 731 137

Deartha ag: catalysto°